

Faigh eolas faoin **acmhainneacht dhigiteach** atá ag do **scoil** le



An bhfuil an tairbhe is fearr á baint ag do scoil féin as teicneolaíochtaí digiteacha ar mhaithe leis an teagasc agus leis an bhfoghlaím?

Uirlis inoiriúnaithe, saor in aisce, is furasta a úsáid, is ea **SELFIE** chun cuidiú le scoileanna an staid ina bhfuil siad a mheas i dtaobh na foghlama sa ré dhigiteach.

Bailiú sonraí anaithnid.

Cén fáth SELFIE

Le SELFIE, tugtar daltaí, múinteoirí agus ceannairí scoile le chéile chun machnamh a dhéanamh i gcomhar le chéile ar úsáid na teicneolaíochta. Féadfaidh na torthaí aird a tharraingt ar shaincheistanna, cuir i gcás:

- cad iad na réimsí ina n-úsáidtear an teicneolaíocht go héifeachtach sa scoil agus cad iad na réimsí ina bhfuil feabhas de dhíth?
- an bhfuil fíis ag lucht na scoile maidir leis an mbealach inar mian leo úsáid a bhaint as an teicneolaíocht agus, má tá, an bhfuil an fhíis sin ar eolas ag an bhfoireann agus ag na daltaí? Segundo os professores, que tipo de formação é mais benéfico?
- cén cineál oiliúna is tairbhí do mhúinteoirí, dar leo?
- cén áit ar cheart maoiniú a leithdháileadh?

Is féidir le SELFIE cuidiú le scoil cinntí eolasacha a dhéanamh trí athbhreithniú a dhéanamh agus feabhas leanúnach a chur ar an gcaoi a n-úsáidtear teicneolaíochtaí digiteacha le haghaidh an teagaisc, le haghaidh na foghlama agus le haghaidh an mheasúnaithe.

Tá SELFIE

- saor in aisce
- inoiriúnaithe
- ar fáil in 30+ teanga
- éasca a shocrú agus ceistanna a fhreagairt
- príobháideach – ní bhailítear aon sonraí pearsanta
- ceaptha agus tástáilte le scoileanna ar fud na hEorpa

Conas a oibríonn SELFIE

1. Tagh co-òrdanaiche na sgoile agad

Más mian leat leas a bhaint as SELFIE i do scoil féin, is é an chéad chéim ná an cúram a leagan ar dhuine nó ar mheitheal bheag daoine comhordú a dhéanamh ar an gcleachtadh.

2. Clàraich do sgoil

Déanann na comhordaitheoirí scoile an méid seo a leanas:

- rcláraíonn siad an scoil ar an ardán SELFIE, trí fhaisnéis bhunúsach a thabhairt amhail an cineál scoile (bunscoil nó meánscoil, mar shampla), a méid agus an áit a bhfuil sí.
- roghnaíonn siad cén uair a dhéanfar an cleachtadh SELFIE.
- roghnaíonn siad cé a bheidh páirteach ann (mar shampla, cén grúpa daltaí).

3. Do cheistanna a chur in oiriúint

Tugann SELFIE deis duit ceistanna a roghnú nó a chur leis atá ar aon dul le riachtanais agus cúinsí do scoile. Féach ar mhaith leat aon ní a chur leis na ráitis agus ceistanna caighdeánacha.

4. Cuir ceistanna!

Tugann na comhordaitheoirí cuireadh do dhaltai, do mhúinteoirí agus do cheannairí scoile páirt a ghlacadh in SELFIE ar bhonn gan ainm. Thart ar 30 nóiméad a thógann sé na ceistanna a fhreagairt. I gcás múinteoirí agus ceannairí scoile, is féidir leo é sin a dhéanamh cibé am a oireann dóibh féin; i gcás na ndaltaí, molaimid tabhairt faoi mar chuid de cheacht.

5. Faigh na torthaí

Nuair a bheidh na ceistanna freagartha ag na rannpháirtithe, ginfidh SELFIE tuairisc i leith do scoile, ina dtaispeánfar na torthaí comhiomlánaithe ar shlí amhairc idirghníomhach. Torthaí anaithnide a bheidh iontu sin, go huile agus go hiomlán. Is leis an scoil an tuairisc agus is í an scoil amháin a bheidh rochtain aici uirthi.

6. Déan plé agus déan beart

Is féidir leat úsáid a bhaint as na torthaí ó SELFIE chun tús a chur le plé faoin gcaoi a dtacaíonn teicneolaíochtaí le teagasc, foghlaim agus measúnú ar dhaltai i do scoil féin. D'fhéadfadh sé sin cabhrú libh plean gníomhaíochta a chur i dtoll a chéile agus tosaíochtaí a leagan síos.

7. Déan do dhul chun cinn a bheachtú

Is féidir libh tabhairt faoin measúnú arís go tréimhsiúil chun an dul chun cinn a mheas agus chun léargas a fháil ar réimsí inar gá beart breise a dhéanamh.




Réimsí SELFIE

Féadfaidh SELFIE cuidiú chun tús a chur le plé sa scoil maidir le **hocht réimse a d'fhéadfaí a fheabhsú**:



A. Ceannaireacht



B. Comhoibriú & Líonrú




C. Bonneagar agus Trealamh



D. Forbairt Ghairmiúil Leanúnach



**E. Oideolaíocht:
Tacaíochtaí agus Acmhainní**



**F. Oideolaíocht:
Cur chun feidhme sa
seomra ranga**



**G. Cleachtais
mheasúnaithe**



**H. Inniúlacht Dhigiteach
Daltaí**

SELFIE Aithisg

Tar éis di SELFIE a chur i gcrích, faigheann gach scoil tuairisc idirghníomhach shaincheaptha ina bhfuil idir mhionsonraí agus sracleárgas ar láidreachtaí agus laigí.

A1. An straitéis dhigiteach



B2. Díospóireacht ar úsáid na teicneolaíochta



C3. Rochtain idirlín



D4. Deiseanna forbartha gairmiúla leanúnaí



E1. Acmhainní oideachais ar líne




F5. Comhoibriú idir daltaí



G1. Scileanna a mheasúnú



H9. Inneachar digiteach a chruthú





An Coimisiún
Eorpach

Lean sinn!

@EU_ScienceHub
@EUDigitalEDU
#SELFIE_EU

Tabhair cuairt ar ár suíomh_ <https://education.ec.europa.eu/selfie>

Cuir fios thugainn_ JRC-EAC-SELFIE-TOOL@ec.europa.eu

Liostáil lenár nuachtlitir
agus thig còmhla rinn air a 'bhuidheann LinkedIn againn!

Forbraíodh an uirlis i gcomhar le meitheal saineolaithe ó scoileanna, aireachtaí oideachais agus institiúidí taighde ar fud na hEorpa. I measc na n-institiúidí comhphárteacha tá an Fhondúireacht Eorpach Oiliúna, an Lárionad Eorpach um Fhorbairt na Gairmoiliúna (CEDEFOP) agus an Institiúid um Theicneolaíochtaí Faisnéise san Oideachas, institiúid de chuid UNESCO.